# Ráiteas Scríofa an tSeanchaisleáin

## 1.0 Réamhrá

Tá cur síos gairid agus straitéis forbartha le haghaidh an tSeanchaisleáin le fáil sa ráiteas scríofa seo. Ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil mionsonraithe don bhaile le linn shaolré an Phlean seo.

## 2.0 Comhthéacs agus Saintréithe

Is baile margaidh stairiúil é an Seanchaisleán atá suite i gCeantar Bardasach Cheanannais agus cóngarach don teorainn leis an gCabhán. Tá an baile ina ionad seirbhísí tábhachtach le haghaidh an cheantar uirbigh seanbhunaithe agus na cúlchríche tuaithe. D'fhás an baile timpeall na 'Cearnóige Baile' traidisiúnta atá teoranta ag crosbhealach dhá bhóthar áitiúla thábhachtacha, rud a cruthaíonn lárionad tráchtála an bhaile.

D'fhorbair an Seanchaisleán ar bhonn níos inbhuanaithe i gcomparáid leis an gcuid is mó de na bailte agus sráidbhailte eile sa Chontae, mar gheall ar an mbonn láidir monaraíochta traidisiúnta (troscán agus innealtóireacht) atá sa bhaile agus ar an earnáil láidir fostaíochta seirbhísí chomh maith. D'fhás ghníomhaíocht tráchtála sa bhaile timpeall na Cearnóige agus na mbóithre isteach chuig an gCearnóg agus tá sí fós dírithe ar an gceantar sin. D'fhorbair úsáidí ar leith ar bhonn geografach sa Seanchaisleán lena n-áirítear cnuasach tionscal i dtuaisceart an bhaile agus ceantair chónaithe den chuid is mó sa deisceart.

| Áit sa Chéimiúlacht Lonnaíochta | Baile beag - Feidhmeanna seirbhísí áitiúla agus fostaíochta. |
|---|---|
| Daonra | Daonra seasmhach de 1,383 duine i nDaonáireamh 2016.<br>Beidh an daonra ag fás go dtí 1,883 duine faoi 2026 mar gheall ar mhéadú de 500 duine |
| Oibrithe Cónaitheacha 2016 | 490 |
| Cóimheas Post/an Fhórsa Saothair 2016 | 1.32 |
| Soláthar Tithíochta | 596 teaghais i nDaonáireamh 2016 |
| Leithdháileadh Teaghlaigh faoin gCroístraitéis 2020-2026 | 166 aonad |
| Aonaid a ghealltar nár tógadh fós | Aonad ar bith |
| dlús | Suas le 25 aonad/heic |

| | |
|---|---|
| **Áiseanna Oideachais** | Iar-bhunscoil Oiliféir Naofa agus Bunscoil Mheasctha an tSeanchaisleáin, naíolann amháin chláraithe agus áis Montessori. |
| **Saoráidí Pobail** | Ionad Folláine/Fóillíochta, 2 Halla Pobail/Paróiste (Halla Máisiún an tSeanchaisleáin agus Halla Taispeántais an tSeanchaisleáin), Galf Dhá Mhaide, Faiche Sacair, Áit Súgartha, Faiche CLG, Leabharlann, Stáisiún Dóiteáin, Séipéal Bríde, Ionad Sláinte |
| **Limistéir Chaomhantais Ailtireachta** | Tá Limistéar Caomhantais Ailtireachta an tSeanchaisleáin suite taobh istigh de lár an bhaile |
| **Déanmhais Chosanta** | Tá 56 déanmhas cosanta sa bhaile. |
| **Seirbhísí -Seirbhísí & Acmhainn Uisce agus FuíolluisceS** | Tá go leor toillte ar fáil sa soláthar uisce a thagann ó sholáthar Cheanannais / an tSeanchaisleáin faoi láthair. Tá go leor toillte ar fáil freisin san ionad cóireála fuíolluisce atá suite sa Seanchaisleán. |
| **Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte** | Ní aithnítear aon bhaol tuilte sa bhaile cé gur aithníodh Crios Tuilte A & B ar thailte taobh amuigh de theorainn na forbartha ar an taobh theas den bhaile |
| **Láithreáin Natura 2000** | Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh de theorainn an phlean. |

# 3.0 Fís

Feidhm agus rath an tSeanchaisleáin a chaomhnú mar ionad seanbhunaithe fostaíochta agus seirbhísí le haghaidh Thuaisceart na Mí agus an cúlchríoch tuaithe agus ina theannta sin chun tacú le fiontar dúchasach agus feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus an timpeallacht uirbeach.

# 4.0 Deiseanna

- Díriú ar an taitneamhacht radhairc a bhaineann le lár dlúth slán stairiúil an Bhaile ina bhfuil timpeallacht thógtha d'ardchaighdeán a chuireann deiseanna le haghaidh athnuachana ar fáil.
- Ríocht Phoiblí uathúil a fhorbairt i gcomhréir leis an bPlean Ríochta Poiblí.
- Earnáil láidir eacnamaíoch sheanbhunaithe a d'fhéadfadh forbairt eacnamaíoch agus cruthú post a fheabhsú.
- Nascacht a fheabhsú laistigh de lár an bhaile agus go háirithe idir Páirc Gilson agus forbairt an spáis oscailte agus fóillíochta atá in aice léi agus idir lár an bhaile agus carrchlós Fhaiche an Aonaigh.
- D'fhéadfaí cuairteoirí agus turasóirí a mhealladh go dtí an Seanchaisleán mar gheall ar chóngaracht Shliabh na Caillí don bhaile.
- Cuireann earnáil bhríomhar phobail sa bhaile deiseanna ar fáil maidir le háiseanna breise fóillíochta agus pobail a choimeád agus a chur ar fáil.
- Tá deis ag an Seanchaisleán leas a bhaint as ainmniú Cheantar Bardasach Cheanannais faoi Threoirlínte AE maidir le Cabhair Réigiúnach (2014-2020) (REDZ).

# 5.0 Straitéis Úsáide Talún

## 5.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

D'fhan daonra an tSeanchaisleáin réasúnta seasmhach sa tréimhse is deireanaí idir na daonáirimh, taifeadadh 1,384 duine in 2011 agus 1,383 duine in 2016. Maidir leis an daonra atá 15 bliana agus os cionn 15 bliana d'aois, tá 48% acu fostaithe. Tá an ráta dífhostaíochta, 15%, níos airde ná meánráta an Chontae agus na Tíre. Is í an earnáil mhonaraíochta an earnáil fostaíochta is mó sa Seanchaisleán (36% de dhaoine fostaithe), ráta atá níos airde ná meánráta 12% an Chontae.

Is soiléir an tionchar atá ag an earnáil láidir mhonaraíochta sa bhaile ar amanna taistil go dtí an obair agus 55% den daonra ag baint an ionaid oibre / oideachais amach taobh laistigh de 15 nóiméad. Taifeadadh soláthar tithíochta 596 teaghais sa Seanchaisleán i nDaonáireamh 2016. Tá 16 n-aonad á dtógáil ag an gComhairle faoi láthair[1] chun cur le soláthar tithíochta sóisialta i suíomh lárnach atá díreach ar an taobh thoir de lár an bhaile. Tá rochtain idirlín ag 71% de na teaghlaigh laistigh de theorainn na lonnaíochta, ráta atá 10% faoi bhun mheán an Chontae.

Sa Phlean seo ainmnítear trí láithreán le haghaidh forbartha nua cónaithe atá leordhóthanach chun freastal ar na riachtanais réamh-mheasta tithíochta le linn thréimhse an Phlean. Roghnaíodh na láithreáin seo mar gheall ar a raon geografach ar fud an bhaile, ar an mbealach ar féidir leo an timpeallacht uirbeach atá ann faoi láthair a chomhdhlúthú agus úsáid á baint as an mbonneagar atá ann faoi láthair, agus mar gheall ar iad a bheith 'nasctha' le ceantair chónaithe atá ann faoi láthair. Tá an tÚdarás Pleanála sásta gur aimsíodh dóthain tailte chun freastal ar an leithdháileadh teaghlaigh de 166 aonad.

## 5.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Agus é sonraithe mar ionad miondíola 'Leibhéal 4' i gcéimiúlacht Mhiondíola an Chontae, feidhmíonn an Seanchaisleán mar 'ionad seirbhísí' le haghaidh an bhaile agus na cúlchríche tuaithe. Ós rud é nach bhfuil aon fhorbairt shuntasach siopadóireachta taobh amuigh den bhaile, d'éirigh leis an baile tacú le cnuasach traidisiúnta siopaí agus seirbhísí miondíola a bhfuil a leithéid ar fáil i ngach baile beag. I gcás an chuid is mó de na foirgnimh, stiúraíonn na húinéirí a gcuid gnólachtaí ó bhunurlár na bhfoirgneamh féin, agus ,le chéile, cuireann siad le carachtar bríomhar lár an bhaile seo.

Tá bonn láidir monaraíochta sa Seanchaisleán a chuireann fostaíocht ar fáil, agus tá roinnt monaróirí dúchasacha agus comhlachtaí innealtóireachta cruinnithe le chéile i gceantar thuaidh an bhaile - achar gearr ó lár an bhaile ina bhfuil tailte ar fáil le haghaidh forbairt bhreise más gá. Tá sé beartaithe go mbeadh cúlsoláthar breise talún le haghaidh fostaíochta ar Bhóthar Cheanannais in aice le teorainn na forbartha ar an taobh theas de na tailte fostaíochta atá ann faoi láthair. Cinneadh go raibh na tailte sin oiriúnach toisc iad a bheith suite in aice le Bóthar Cheanannais.

[1] Uimhir tagartha Chuid 8: P8 18004

## 5.3 Bonneagar

Tagann soláthar uisce an bhaile ó sholáthar uisce 'Cheanannais/an tSeanchaisleáin' ag an Loch Bán agus tá seirbhís uasghrádaithe Córais Cóireála Fuíolluisce sa bhaile. Is leor na socruithe sin chun freastal ar riachtanais na forbartha a tharlóidh le linn thréimhse an Phlean agus ina dhiaidh sin.

## 5.4 Gluaiseacht

Téann líon réasúnta mór feithiclí HGV agus feithiclí talmhaíochta tríd an mbaile mar gheall ar ghníomhaíochtaí fostaíochta agus talmhaíochta. Tá Plean Ríochta Poiblí le haghaidh an tSeanchaisleáin á ullmhú ag an gComhairle faoi láthair (mí Iúil 2019) agus ar bhonn an phlean sin déanfar lár an bhaile a fheabhsú, rud a bhainfidh le gach spás idir foirgnimh a bhfuil rochtain poiblí air lena n-áirítear páirceáil carranna, bealaí coisithe agus rothar, soilse sráide, dromchlaí bóithre, etc. Mar chuid de fhorfheidhmiú an Phlean Ríochta Poiblí, déanfar gluaiseacht na ndaoine timpeall chearnóg an bhaile a scrúdú agus a fheabhsú.

Tá sé mar thosaíocht an phlean seo feabhas a chur ar na naisc coisithe idir Cearnóg an Bhaile agus na carrchlóis, go háirithe carrchlós Fhaiche an Aonaigh, chun úsáid an charrchlóis sin a spreagadh.

Tá seirbhís bus de chuid an Ghréasáin Náisiúnta Bus (Bus Éireann) ag an Seanchaisleán chomh maith le seirbhís comhlachta phríobháidigh (Meath Accessible Transport) a chuireann naisc áitiúla chuig lonnaíochtaí eile ar fáil.

# 6.0 An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta

Tá oidhreacht shaibhir thógtha agus seandálaíochta ag an Seanchaisleán agus tá roinnt Séadchomharthaí Taifeadta agus Déanmhais Chosanta ann. Bronnadh an teideal Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) ar an mbaile mar aitheantas ar an saibhreas oidhreachta atá ann. Baineann an LCA le limistéar chearnóg lárnach an bhaile ag an gcrosbhóthar agus na cúig bhóthar atá ag síneadh amach ón 'gCearnóg', áit ar féidir *triantán* a thabhairt uirthi chun a bheith níos cruinne. Cuimsíonn an LCA creatlach tógála an bhaile ón ochtú haois déag agus ón naoú haois déag den chuid is mó agus tá teorainn leis san áit ina bhfuil forbairt iarchogaidh an fhichiú haois.

Cé gur laghdaíodh fheidhm mhargaidh na 'Cearnóige' agus an bhaile, tá meascán rathúil éagsúil d'úsáidí laistigh den LCA lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála agus eaglasta, agus iad go léir comhchruinnithe taobh istigh den LCA.. Tá roinnt siopaí agus seirbhísí miondíola traidisiúnta fós ann a chuireann le carachtar lár an bhaile. Níor athraíodh scála agus patrún fhorbairt na n-éadan sráide ná méid na gceapach den chuid is mó.

Tá Loch Craobh suite c.7km taobh amuigh de lár an bhaile agus cé go bhfuil ról tánaisteach ag an Seanchaisleán maidir le seirbhísí a fhreastalaíonn ar chuairteoirí an loch tuigtear go bhfuil gá le háiseanna feabhsaithe agus áiseanna nua turasóireachta ag Loch Craobh. Tá sé mar chuspóir leis an bPlean seo tacú le forbairt áiseanna cuí turasóireachta san áit sin agus sa cheantar máguaird.

# 7.0 Bonneagar Glas

Is gnéithe de 'Bhonneagar Glas' sa Seanchaisleán iad spáis oscailte idir nádúrtha agus bhainistithe lena n-áirítear an áit champála, grúpaí crann agus áiteanna tírdhreachaithe, agus cuireann na gnéithe sin le chéile le timpeallacht uirbeach feabhsaithe agus le soláthar taitneamhachtaí le haghaidh cónaitheoirí. Ba chóir an Bonneagar Glas sin a fheabhsú chun nascacht idir gnéithe difriúla a chur ar fáil, rud a chruthóidh 'glasbhealaí' a d'fhéadfadh taitneamhacht an bhaile a fheabhsú agus gnáthóga cuí a sholáthar chun tacú le flóra agus fána agus chun cur leis an mbithéagsúlacht ar fud an cheantair uirbigh. D'fhéadfadh Ceapach na Bó ar imeall an bhaile taitneamhacht phobail a chur ar fáil agus beidh sé mar chuspóir leis an bPlean seo úsáidí féideartha na talún sin a iniúchadh.

# 8.0 Bonneagar Sóisialta

Tá bonneagar seanbhunaithe sóisialta agus pobail sa Seanchaisleán. Cé go bhfuil sé de thairbhe ag an mbaile go bhfuil páirc mhór lárnach taitneamhachta (Páirc Gilson) le faichí ann agus áit súgartha in aice láimhe chomh maith le cúrsa 'gailf dhá mhaide' atá oibrithe go príobháideach, tá easpa spás oscailte le haghaidh fóillíochta éighníomhaí sa bhaile.

Ceann de na gnéithe is fearr de bhonneagar sóisialta an tSeanchaisleáin is ea na grúpaí seanbhunaithe pobail, spóirt agus spéise agus an cumas cruthaithe atá acu obair le chéile ar mhaithe leis an mbaile iomlán. In 2013, faoi scáth oibríoch 'Oldcastle Renaissance Working Group', d'oibrigh lucht ó aicmí éagsúla den phobal le chéile chun plean pobail a chur le chéile. Bhí sé mar aidhm leis an bPlean sin tionscadail ar leith a aithint agus a chur chun cinn, is é sin na tionscadail siúd a rachadh chun tairbhe an bhaile ó thaobh leas eacnamaíoch, fisiciúil, sóisialta agus comhshaoil de.

Tá sé mar chuspóir leis an bPlean seo suímh chuí a aimsiú chun spás níos fearr le haghaidh fóillíocht éigníomhach a chur ar fáil i gcomhréir le caighdeáin dea-chleachtais.

# 9.0 Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

Tá creatlach fisiceach agus bailedhreach de chaighdeán measctha sa Seanchaisleán. Sa chur chuige nua i leith na forbartha, bainfear úsáid éifeachtach as talamh infhorbartha le seirbhísí chun an lonnaíocht atá ann faoi láthair a chomhdhlúthú agus cuirfear feabhas ar thréscaoilteacht trí cheantair forbartha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus eatarthu chomh maith. Cuirfidh an Plean Ríochta Poiblí straitéis láidir ar fáil le haghaidh thírdhreach uirbeach an tSeanchaisleáin amach anseo.

# 10.0 Máistirphlean

Ainmníodh 1 limistéar Máistirphlean amháin sa Seanchaisleán. Is éard is aidhm do Mháistirphlean ná a chinntiú go dtugtar faoi chur chuige comhtháite maidir le tailte a chéimniú, a bhainistiú agus a fhorbairt laistigh de Limistéar an Mháistirphlean. Ní dhéanfar iarratas pleanála a mheas mura mbeidh an Máistirphlean comhaontaithe i scríobh le Feidhmeannacht an Údaráis Phleanála ach más féidir a chruthú nach mbainfidh an t-iarratas ó chomhlíonadh chuspóirí an Mháistirphlean.

| Máistirphlean | Cur Síos | Stádas |
|---|---|---|
| **Máistirphlean 1** | Baineann Máistirphlean 1 le talamh criosaithe lárionaid baile 'B1' atá suite laistiar de Shráid an Chógánaigh agus Sráid an Chabháin. | Le hullmhú |

# 11.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábhartacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Is é beartas na Comhairle é

**BEA AN tSEANCHAISLEÁIN 1** Feidhm agus rath an tSeanchaisleáin a chaomhnú mar ionad seanbhunaithe fostaíochta agus seirbhísí le haghaidh Thuaisceart na Mí agus an cúlchríoch tuaithe agus ina theannta sin chun tacú le fiontar dúchasach agus feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus an timpeallacht uirbeach.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 1 Forfheidhmiú Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, de réir mar is féidir, trí chinntú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh le haghaidh an tSeanchaisleáin mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.

**CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 2 A éileamh go n-ullmhófar Máistirphlean le haghaidh na tailte cúil atá ainmnithe mar thalamh criosaithe le haghaidh chuspóir úsáid talún 'B1' ar an taobh thuaidh de Shráid an Chógánaigh agus ar an taobh thiar de Shráid an Chabháin. Ba chóir go mbeadh páirceáil chomhroinnte, gné shuntasach chónaithe agus bóthar rochtana a nascann an dá shráid le chéile mar chuid d'aon fhorbairt ar na tailte sin.**

CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 3 Athfhorbairt a spreagadh i gcás láithreáin inlíonta ar thalamh chúil laistigh den bhaile, lena n-áirítear forbairt le haghaidh úsáidí cónaithe.

CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 4 Cabhrú le borradh a chur faoin mbonn monaraíochta sa bhaile i dteannta le spreagadh leanúnach a thabhairt d'éagsúlacht maidir le gníomhaíochtaí fiontair agus fostaíochta ar thalamh chriosaithe le haghaidh fiontraíochta ar an taobh thuaidh de bhaile.

CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 5 Cur chuige seicheamhach a ghlacadh i leith forbartha a chiallaíonn go dtabharfar tosaíocht do thailte atá ainmnithe mar láithreáin inlíonta lárionaid baile nuair a bheartaítear forbairt mhiondíola agus tráchtála sula bhféachfar ar láithreáin eile sa bhaile, ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

| | |
|---|---|
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 6 | Cabhrú le soláthar tairisceana nua miondíola taobh istigh de lár sonraithe an bhaile i gcomhréir leis an Straitéis Miondíola. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 7 | Daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as na hurláir uachtaracha i lár an bhaile le haghaidh éagsúlacht úsáidí maireachtála agus oibre sa chás go gcuirfeadh a leithéid d'úsáid le feidhm agus beocht lár an bhaile. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 8 | A éileamh go mbeadh forbairtí nua sábháilte agus áisiúil le haghaidh feithiclí, coisithe agus rothaithe agus go mbeadh gluaiseacht éasca trí fhorbairtí nua agus go mbeadh rochtain ar lár an bhaile. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 9 | Deiseanna a iniúchadh i gcomhar le húinéirí talún leasmhara chun bealach coisithe/rothar idir Clós Ardfrail agus an Chearnóg a chur ar fáil trí na tailte in aice le Séipéal Bríde (Eaglais na hÉireann) agus laistiar de chomh maith. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 10 | Socrú a dhéanamh do nascacht nua/feabhsaithe le haghaidh choisithe agus do chosáin ar Bhóthar Coughlan, Bóthar Copplers agus Parkview chun go mbeadh rochtain níos fearr idir Páirc Gilson (ceantar), lár an bhaile agus comharsanachtaí eile. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 11 | Socrú a dhéanamh do nascacht nua/feabhsaithe le haghaidh coisithe agus do chosáin idir an áit súgartha, lár an bhaile agus comharsanachtaí eile. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 12 | Carachtar na 'Cearnóige' a chaomhnú, limistéar a chuimsíonn an grúpa struchtúr agus suíomh bailedhreacha na cearnóige a mheastar a bheith ina n-ábhar spéise agus de luach speisialta mar gheall ar a theidil mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA). |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 13 | Cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm agus go gcomhlánófar an Plean Ríochta Poiblí le haghaidh an tSeanchaisleáin a dhéanann socrú do straitéis théamúil le haghaidh soláthar troscán sráide, plandaithe, gluaiseacht tráchta agus páirceála, soilse, dathanna foirgneamh, comharthaí (áitiúla agus turasóireachta) agus ábhar tógála etc sa bhaile. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 14 | Daoine a spreagadh chun foirgnimh stairiúla sa LCA a athúsáid nó a chóiriú lena n-áirítear athruithe bunaithe ar dhearadh comhaimseartha sa chás go léirítear sna hathruithe sin stair na forbartha agus go dtugtar aird ar *phatrún* stairiúil na forbartha, carachtar seanbhunaithe an bhailedhreacha, méid na ceapaí atá ann faoi láthair, airde agus toisí foirgneamh. |

| | |
|---|---|
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 15 | Tacú le 'Renaissance Working Group' an tSeanchaisleáin agus le grúpaí/lucht leasa eile chun na tionscadail phobail a ainmníodh i bPlean Pobail an tSeanchaisleáin (2013)' a chur i bhfeidhm sa chás go gcuirfidís le cuspóirí forleithne an Phlean seo, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 16 | Soláthar spásanna glasa, glasbhealaí agus glaschonairí atá ilfheidhmeach agus idirnasctha a spreagadh laistigh den limistéar uirbeach agus mar chuid de thograí forbartha nua ar mhaithe le bainistiú agus feabhsú acmhainní uirbeacha agus tuaithe agus ar mhaithe le leas na gcónaitheoirí. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 17 | Cosaint agus caomhnú na gcrann a ainmníodh le haghaidh caomhantais ar Léarscáil Ainmniúchán Oidhreachta chomh maith le limistéir spáis oscailte idir fheidhmeach nó éighníomhach. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 18 | An fhéidearthacht a iniúchadh maidir le húsáid a bhaint as 'Teach an Mhargaidh' le haghaidh imeachtaí pobail. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 19 | Úsáid níos iomláine a spreagadh i leith Pháirc Gilson agus na tailte in aice láimhe atá ainmnithe ar an léarscáil chriosaithe úsáid talún le haghaidh úsáidí spóirt, fóillíochta, taitneamhachta agus pobail ar mhaithe le leas an bhaile. |
| CUSP AN tSEANCHAISLEÁIN 20 | An fhéidearthacht a iniúchadh maidir le húsáid a bhaint as ceapach na bó atá ar imeall an bhaile faoi láthair chun taitneamhacht phobail a sholáthar don bhaile. |